



Scoil Dhoire A' Chasáin 1924.



Ar Chúil:

Simon Ó Gallchobhair (Simon Beag), Anton Mac Eiteagan (Deartháir Jimmy Anton), Cathal Mac Giolla Bhríde (Charlie Dhonnchaidh Charlie), Cathal Mac Laifeartaigh (Charlie Bán), Mícheál Ó Siadhail (Mící Mhící Andy).

An Lár:

Donal Mac Giolla Bhríde (Danny Mór), Mánus Mac Giolla Bhríde (Mánus An Phosta), Marcus Ó Gallchobhair (Mark Pháidí Mhící Eoghain), Mícheál Ó hOireachtaigh (Mící Mhící Ginn), Maighread Ó Gallchobhair (Peggy Pháidí Mhící Eoghain), Seán Ó Gallchobhair (John Dunn).

An Chéad Líne:

Mícheál Mac Giolla Bhríde (Deartháir Danny Mhóir), Seán Ó hOireachtaigh (John John Neidí), Cathal Mac Pháidín (Charlie Willie), Roseanne Ó Luadhóg (Roseanne Den Shéamuis), Nora Duggan, Bríd Ní Ghallchobhair (Bidy Pháidí Mhící Eoghain), Máire Ní Shiadhail (Máire Shíle), Séamus Ó Luadhog (James John Eoghain).

Máistir : Tom Mac Fhionghaile.

Athchruinniú (Reunion) Scoil Dhoire A' Chasáin.

Is fada a bheidh muid ag caint fán athchruinniú a bhí againn san 'Downings Bay' ar an 4ú lá de mhí Lúnasa.

Thosaigh an ceiliúradh i gColáiste Ros Goill san áit a dtáinig Scoil Dhoire A' Chasáin chun críche i 1967. Léigh an t-Easbog agus an tAthair Mícheál Mac Laifeartaigh O.D.C. an tAifreann i nGaeilge agus léigh John Carr an Litir. I ndiaidh an Aifrinn chuaigh muid uilig suas go dtí an tseanscoil, áit a bhfuair muid tae agus chuimhnigh muid ar na laetha a chaith muid ag foghlaim.

Ba seo an chéad athchruinniú a bhí ag iarscoláirí Dhoire A' Chasáin agus caithfidh muid an coiste a mholadh as ucht na hoibre a rinne siad chun an oíche a eagrú.

Bhí scaifte ag achan tábla, cuid acu ina suí lena gcairde ón scoil, agus cuid eile lena dteaghlach. Bhí callán dearg san áit, achan nduine ag caint - ag scairtigh agus ag gairí - ach rud amháin a bhí soiléir - bhí lúcháir agus glionndar i gcroíthe a raibh sa chuideachta.

Bhí daoine ann a bhí thar ceithre scór bliain agus bhí na daoine deireannacha ann a dhfag an tseanscoil agus a chaith cupla bliain sa Choláiste sular osclaíodh Scoil Naomh Bríde sna Dúnaibh.

Bhí sé galánta cuid dena daoine a ba shine a fheiceáil ansin - Katie Mhícheáil, Máire Jimmy Mhicí, Barney Bhoydie, Caitlín Bean an Mháistir, nó Bean Jack mar a thug muid uirthi. Bhí Máire Stephen ann lena clann cé nach raibh sí ar an scoil sin.

Bhí Donald Pheigí agus a dhearthair Dennis ansin as Londain, Francis Lynagh agus Súsie Mhicí Ned as California, agus ar ndóigh bhí Anton Mhicí ansin ag tabhairt a chuid tuairimí agus a ghlóir comh láidir is a bhí ariamh. Casadh mo chara nach bhfaca mé le fiche bliain orm - Nellie Jimmy Bhrianaí, agus ba mhór an lúchair a chuir sí ar mo chroí.

Cé gur seo an chéad uair a tharla rud

mar seo, bhí sé soiléir gur bhain achan nduine sult mór as agus beidh muid ag súil go mór le oíche eile - nó bfeidir go dtiocfadh linn cúpla lá a dheanamh de bhliain s' chugainn.

Tagann smaointe Raiftearaí an file chugam agus is fíor an Ráiteas í - "Dá mbéinnse ina sheasamh i gceart lár mo dhaoine, D'imeodh an aois domh is bhéinn arís óg".

Tógadh Scoil Dhoire A' Chasáin sa bhliain 1901 agus dhruid sí síos sa bhliain 1967. Idir an dá linn, chuaigh suas le trí mhíle againn fríd a cuid doirse. Coigilte i n-ár gcuimhne tá lear de na rudaí a dfhoghlaim muid. Beidh seans againn dul siar ar na laetha suailceacha sin arís nuair a casfar muid ar a chéile oíche De Luain, ag an athchruinniú san Óstán Downings Bay.

Cuirfear tús leis an chéiliúir ag aifreann sa choláiste ar a sé a chlog, Dé Luain an 2ú lá de Lúnasa agus ansin beidh ceol, ól, bia agus damhsa san óstán.



Clé go deas:

Péigí Uí hOireachtaigh, Bríd Bhrianaí, Néilí Bhrianaí agus Dinnis Pheigí ina suí go suáilceach.

Campa Samhraidh

Reachtáileadh Campa Samhraidh trí mheán na Gaeilge i gClubtheach Chumann Lúthchleas Gael ag deireadh mí an Mheithimh, agus bhí an-spraoi ag na páistí bunscoile, cé nach rabh an aimsir ró-mhaith. Bhí ealaíon, lúthchleasaíocht, ríomhaireacht agus garchabhair i measc na h-imeachtaí a bhí ar fáil dófa.

Ar dheis tá roinnt pictúir a tógadh den ghrúpa bhríomhar a bhí páirteach.



Ráiteas

Ólaim do shláinte, a'Mhnic nach dtig',
Faoi thuairim do shláinte,
a' Mhnic a thig',
Trua nach dtig 'Minic nach dtig'
Leath chom minic le 'Minic a thig'

Nóta: Tá an ráiteas seo bunaithe ar scéal faoi chailín a raibh beirt fhear i ngrá léi. Bhí duine acu saibhir agus duine acu bocht. Ní raibh cead ag an duine a bhí bocht teacht chun í a fheiceáil. Mar sin, thug sí 'Minic nach dtig' air. Rinneadh cleamhnas idir í agus an duine saibhir. Maidin na bainise chonaic sí 'Minic nach dtig' agus dúirt sí an ráitis thuas. Níor thuig an slua é. An dtuigeann sibhse é?

Seó Puipéid

Tá clú agus cáil ar an seó puipéid "Punch agus Júdaí" ar fud a' domhain mhóir, ach ba seo leagan iontach Gaeilge den dráma a scríobh Diarmuid de Faoite, an aisteoir iomráiteach Gaillmheach agus a léirigh comhlucht drámaíochta, 'POC Productions' sa Choláiste i lár mhí Iúil.

Bhí an halla pacáilte idir pháistí agus thuismitheoirí agus a leithéid de thaispeántas! Bhí an feisteas agus an cóiriú stáitse go hiontach agus lán de shamlaíocht, agus bhí an t-imeartas solais agus na dathanna éagsúla an-éifeachtach ar fad. Lena cois sin uilig bhí ceol beo ann ó thús go deireadh le fidil, giotár agus drumáí éagsúla. Bhí an-atmaisféar ann agus is cinnte go rabh páistí agus daoine fásta faoi dhraíocht ag an léiriú breá seo.



Mánuis John Mhíchil Mhánuis

Thug mé cuairt ar Mhánuis John Mhíchil Mhánuis ar na mallaibh agus bhí comhrá an shuimiúil againn. Seo an t-ainm a thug Peadar an Spíoraigh air ach ar ndóigh Máinigh Mhíchil a thugann muintir na háite air. Rugadh i nDúmhaigh é, i Mí Mheithimh na bliana 1908 sa teach céanna a bhfuil cónaí air go fóill. An chloigeann déag a bhí sa teaghlach agus ba Máinigh an cúigiú duine. Fuair a dheartháir Feargal bás óg, an bhliain déag is fiche a bhí sé. Tá cuimhne ghéar ag Máinigh, agus eolas aige ar gach gné den cheantar.

Seacht mbliana a bhí sé nuair a chuaigh sé na scoile agus chaith sé trí bliana ag dul go rialta. Bhí ar achan duine fód móna a thabhairt leo 'na scoile. Muna mbeadh an fód leat, cupla scailp sa lámh le bata a bhí i ndán duit. Mar a dúirt Máinigh é fhein – “bheadh an lámh sin as maith fa choinne an chuid eile den lá”. Ní iontas ar bith é dá dtógfá fód as cruach ar an bhealach na scoile. Tháinig fear as Doire a Chasáin chun a tí lá amháin ag casaoid faoin mhóin a bhítheas a thógáil as a chruach. Sa Gheimhreadh bheadh na páistí fuar, fliuch agus ní fáilte ró-mhór é cupla scailp a fháil sa láimh muna raibh an fód leat.

D'fhiafraigh mé dó an ligfí suas chun na tine é da mbeadh sé “fuar fliuch”. “Ó ní ligfí”, a dúirt sé, “bhí an tine do na máistrí”. Bhí an córas oideachais sa scoil dhá theangach ag an am sin. Cé go mbeadh Máinigh ar fostú gach bliain ó Mhárta go Samhain rachadh sé na scoile i rith an

Gheimhridh. Sin mar a bhí an scéal go dtí gur fhág sé nuair a bhí sé seacht mbliana déag d'aois. Dúirt sé go raibh suim mhór sa scoil aige agus gur fhoghlaim sé go maith.

I dtígh Jimí i nDumhaigh a chuaigh Máinigh ar fostú nuair a bhí sé deich mbliana d'aois. Bhí an obair trom go leor, ag buachailleacht agus go minic sa tSamhradh laethanta fada caite ar an Chnoc Mhór aige ag sábháil móna! Bheirfí bia amach acu cupla uair sa lá. Ansin nuair a bhí sí tirim bhí air í a thabhairt na bhaile leis an asal. Bhí Máinigh ar fostú i mblianta eile i gCluain tSaileach, Baile an tSléibhe agus ar an Droim Rua.

Ba leis an ghutáil is mó a chaith Máinigh a shaol. Thoisigh sé ins na Dúnaibh sa bhliain 1927 agus stad sé den obair sa bhliain 1976. I rith an tréimhse sin thug an obair é ó na Orkneys' i dtuaisceart na hAlban go Yarmouth i n-oirthear Shasana. Bhí iascaireacht mhaith ins na Dúnaibh i dtús na fichidí ach mheath sí agus thosódh an séasúr ansin de ghnáth thuas ins na Shetlands i Mí Mheithimh. Bheadh scaifte mór as an áit idir fhir agus mhná ina chuideachta. Deirtear gur namhaid don cheird gan a chleachtú agus bhí ar an té a bhí i mbun an ghutáil a bheith eolach. Chuirfí sampla de na scadáin go Dún Éideann le scrúdú a dheánamh orthu. Sula socróidh an méid salainn le cur orthu chaithfí fáil amach cé'n méid ola a bhí ins na scadáin. Triúr a bheadh i gcrú, beirt ag gutáil agus duine ag pacáil. Bhí orthú obair go cúramach agus go díograsach mar bhítheas á ndíol de réir an bharrille, scilling roimh an dara cogadh domhanda agus leath choróin i ndiaidh an chogaidh. D'inis sé domh go raibh corr dhuine ábalta daichead scadán a ghutáil sa bho-maite agus déirfinn go raibh Máinigh ar dhuine acu sin. Bheadh siad ag gabháil mar an diabhair ann ach ag an am chéanna bhí orthú na scadáin a shortáil de réir a méid; mór, measartha agus beag. Trí bhascaed acu fá choinne an obair sin. I ndiaidh an chogaidh ba ghnáth na

scadáin a dhíol leis an Ghearmáin agus an Pholainn. Chuirfeadh na tíortha seo a gcigirí féin le scrúdú a dhéanamh ar chaighdeán na scadán. Oslódh an cigire tóin an bharrille agus bhainfeadh sé plaic as droim scadáin. Chuirfeadh siad an scadán ar ais sa bharrille agus dheánfadh siad marc ar an bharrille. Is sa tóin a osclóidh gach barrille ansin agus bheadh fhios ag gach duine gur cuireadh scrúdú ar an bharrille. Bhí scadán ansin agus plaic as an droim!

Bhí siad ina gcónaí i dtithe adhmaid, “Twelve by twelve”, a bhí orthú, sé sin dhá throigh dhéag fa dhá throigh dhéag. Bhí saighdiúirí ina gcónaí iontu i rith an chogaidh agus mar sin de bhí siad níos sócúlaigh agus níos cluthmhairigh i ndiaidh an chogaidh. Bhí dhá leaba iontu agus triúr i ngach leabaidh. Bhí ort do thocht (mattress) féin a dhéanamh. Sé sin sac mór a líonadh le cochán agus é a fhuáil suas. Bhí acu leis an éadach leapa a cheannacht fosta. Ag deireadh an tséasúir nífí é agus choinnídh daofa é go dtí an séasúir ina dhiaidh.

Bhí Séarlaí Mór (Séarlaí John Fheargail) leo séasúr amháin i ndiaidh an chogaidh. San am sin bhí bia agus gach rud eile breá gann. Chuirfeadh siad Séarlaí chun an tsiopa achan lá mar rud ar bith a bhí a dhíth orthu gheobhadh seisean ó bhean an tsiopa é. Bhí Máinigh den bharúil go raibh nóisean aici do Shéarlaí! Cé acu bhí no nach raibh, níor thóg sé cumhaidh de Shéarlaí. Scríobh sé litir na bhaile ag a dheirfiúr Sophie i nDumhaigh agus dúirt se – “Dá mbeadh bealach na bhaile as seo bhéinnse sa bhaile a Sophie”.

Ar ndóigh bhí Máinigh i gcuid mhór áiteacha eile ag an ghutáil; Doire, Ard Glas, Oiléan Mhanainn agus na hOrkneys ina measc. Ansin chríochnódh an séasúr i Mí Dheireadh Fomhair i Lowestoft agus Yarmouth. Seo an pháirt den tséasúr a ba dheacra a dúirt Máinigh. B’fhéidir iad tuirseach, an aimsir ag athrá creidim, deireadh an Fhómhair agus tús an Gheimhridh. D’innis sé scéal domh fá Fhómhar na bliana 1938 agus iad ar a mbealach trasna Lon-

dan, iad ag iarraidh an traen a fháil go Yarmouth. Lean póilín iad mar shíl sé gur dídeanaí (refugees) a bhí iontu. Labhair Máinigh ar son an dream; “We’re not refugees”, a dúirt sé, “We are Irish Fish Workers”. Bhí Máinigh ábalta seo a chuir i gcomhthéacs stairiúil. Dúirt sé go raibh cuid mhór daoine ag teitheadh as Sudaten. Ba é sin an bhliain a rinne Hitler ionsaí ar Sudaten, réigiún den tSeicslóvaic. Creidim gurb iad na Giúdaí a bhí ag teitheadh as bealach na Naitsithe agus iad ar lorg tearmainn i Londain, na dídeanaí atá i gceist ag Máinigh anseo.

Thug Máinigh cuid mhór eolais eile domh go háirithe fán iascaireacht. Ba mhaith liom é a choinneáil don chéad eagrán eile do Ghuth Ghoill.

Tá mé fíor bhuíoch do Mháinigh ar son an seanchais a roinn sé liom. Tá sé saibhir i stair agus seanchas na háite, buaidh nach bhfuil ag mórán sa cheantar anois.

Leabhartaí Gaeilge sa tsean-chló Gaelach

Tá an bailiúchán de leabhartaí Gaeilge sa leabharlann in Áras Ros Goill ag dul i méid i rith an ama agus níl amhras ar bith ná go bhfuil cuid de na saothair litríochta is mó agus is saibhre sa teangaidh Gaeilge le fáil ann. Ba mhaith linn cur in iúl dár léitheoirí go bhfuil cuid suntasach de na leabhartaí seo againn sa tsean-chló Gaelach agus b’fhéidir go gcuirfeadh sibh seo in iúl do chuid den mhuintir nach bhfuil léamh sa chló úr ar a dtail acu. Ní bheadh fhios agaibh cé tá amuigh ansin a cuirfeadh míle fáilte roimh a leithéid de leabhar bheith ar fáil aige no aici.

Gleann Úraí

Tá an gleann beag seascar suaimhneach seo suite ar Chúrsa an Atlantaigh, nó An Atlantic Drive ar an taobh ó thuaidh de leathinis Ros Goill. Cosúil le go leor logainmneacha eile, níl ciall chinnte an ainm againn. 'Sé an chiall a bhí leis an fhocal "ur" sa tsean Ghaeilge ná 'cladach' agus tá an gleann seo suite cois cladaigh. Tá an focal "urthraigh" le fáil sa tsean Ghaeilge fosta agus an chiall céanna leis.

Sa phictiúr ar dheis tá an gleann féin le feiceáil agus tú ag amharc amach ar bhealach Thráigh na Rossan agus Ceann na Rossan.



Sa phictiúr thíos, tá tú ag amharc uait ó Ghleann Úraí i dteannta Chnoc na Glíoba. Tchífidh tú an dóigh a bhfuil na sean-chuibhrinn leagtha amach, agus má amharcann tú go géar, tchífidh tú an sean-bhealach a bhí ag dul ó Ghleann Úraí go dtí 'n Ghlíob. Seo an bealach a bhí in úsáid sular tógadh Cúrsa an Atlantaigh. Deir duine ón ghleann gur ag barr an bhealaigh seo a bhí an sean Gleann Úraí suite agus ina cuimhnesan gur 'an seanbhaile' a tugadh ar an chuid seo den ghleann agus 'an baile úr' ar an áit a bhfuil cuid títhe an ghleanna sa lá inniu. B'fhéidir gur seo míniú eile ar ainm an ghleanna ghalánta seo.



Sao pictiúr den mhúrmháisiú (mural) ar bhinn ehlubthzaach Chumann Lúthchleas Gael ins na Dúnaibh. Cuid de fhir na háite a rinne an múrmháisiú seo, faoi Choimirez Tionscnamh Oidzachas na bhFear atá lonnaithe in Árás Ros Goill.



Seanfhocail

Ní thazann ariamh an mheithir mhór nach dtiocfaíodh ina dhiaidh an tub-
hbhrón.

Is minic a loit beathach a lla beathach uasal.

Ní choisctear cinniúint.

Is minic gur i bhfad uainn a chumtar ár gcinniúint.




Da ghnáth le daoine sa tsean am siúl as an íochtar go Tobar an Dúin. Seo beirt bhán, Biddy Jimí Johnnie, a raibh cónaí uirthí i nGorta Mór agus Síle Mhuileac, a bhí in a cónaí ar an Chorrach, a gdeanamh an turais as an tobair sin.

Bhí beirt bhán as Dumbaisg as siúl go Tobair an Dúin lá amháin. Chuaigh siad go dtí an tAifreann luath i gCarraig Airt agus iad ina dtroscaobh. As gabháil amach Loch 's Alt dóbhrtha bhí an t-ocras as fáil na buaidhe ar dhaine acu. Shuí siad síos as cruach mhóna agus bhí toit as bean amháin acu. D'imigh siad leo, ach as dul amach barr an chnoic tháinig imní uirthi nár chair sí amach an toitín mar ba chóir. Tháinig siad annas an chnoc arís go dtí an chruach le bheith cinnte. Cé a dúirt ariamh nach raibh coisias breá gear as muinntir Ohámhtha!!

Óstán úr ins Na Dúnaibh.

Osclaíodh Óstán "Downings Bay" ar an 11ú lá de Mhí Mheithimh. Thóg Seán Ó Conchubhair an t-óstán ar shuíomh an "Fleets Inn" nó an "Bungalow" mar a thugtaí air sa tsean am. "John Duthie" a bhunaigh an "Bungalow", Onnmhaireoir (Exporter) Éisc, as Albain a bhí anseo le linn an iascaireacht mhór. Tá baint ag Seán Ó Conchubhair le Albain fósta mar is ann a shaothraigh sé a bheatha ag obair sna tolláin, agus ansin mar chonraitheoir innealtoireachta ag tógáil bealaigh mhóra sula dtáinig sé ar ais anseo i 1978 nuair a cheannaigh sé an "Fleets Inn". Tá óstán breá tógtha aige anois, ina bhfuil halla mór, bialann, barra agus dhá scór seomra leapa. Tá siad gnóthach i rith an ama agus ádh mór air ina thógra úr.



Seo pictiúr de Steafán a' Bhacáin. Thuas ar Chnoc na hAiteannaí i nDoire a' Chasáin a bhí cónaí ar na Bacáin. Fear cliste aerach a bhí i Steafán, é lán ceoil, seanchais agus damhsa. Bhí sé ar chóimheon le Samson sa Bhíobla mar nach bhfuair sé an ghruag gearrtha de fhéin ariamh. Mar a tchínn sibh sa phictiúr bhí snas na stíle air agus an ghruag cruinnithe go cúramach suas faoin bhearád aige.

Fear mór gaistíochta a bhí i Steafán agus bheadh go minic cupla éan beag ceoil istigh i gliabhán éin aige. Bhuel, maidin amháin go luath i ndiaidh deireadh an dara cogaidh domhanda bhí a dheartháir John ag cuartú siúcra le cur ar a chupa tae. Mar atá fhios agaibh bhí ganntanas mór ar rudaí mar seo san am agus leabhair ration fá choinne achan rud. Ní raibh an phioc siúcra sa teach agus cha raibh dea-spin ar John. Tharla gur amharc sé isteach ar na h-éanacha agus chonaic sé go raibh oiread siúcra faoi chosa na n-éan agus a dhéanfadh cupla cupa tae. Thug sé cic don chliabhán agus dúirt sé – “Cá huair a fuair sibhse leabhair ration a shean.....”. Caithfidh sibh bhur bhfocal fhéin a chuir sa spás! Bhí saol crua ann don éan agus don duine!



Fear An Gheaftha


Bhí an taispeántas deireannach den dráma úr-scríofa le Francie Cullen ‘Fear An Gheaftha’ ar siúl i gCultúrlann Mc Adam ó Fiaich i mBéal Feirste oíche Shathairn an 7ú Lúnasa. Bhí sé mar pháirt de Fhéile Iarthar Bhéal Feirste. Dar ndóigh baineadh an-sult as an taispeántas agus mall go leor a bhí sé (nó an-luath ar maidin!) nuair a bhain an bus na Dúnaibh amach. Tá ‘Fear An Gheaftha’ anois críochnaithe lena thuras. Cha shílím go raibh duine ar bith ag súil - fiú amháin Francie fhéin - go n-éireodh chomh maith sin lena chéad iar-racht ar dhráma Gaeilge a scríobh.

Thiocfaí a rá go ndeachaigh an dráma seo ar ardáin ó cheann ceann na tíre. Ba éacht a bhí ann do na haisteoirí fosta nuair a cuirtear san áireamh nach raibh a bhfurmhór gníomhach san aisteoireacht ariamh roimhe seo. Tá súil agam go mbeidh siad uilig thart don bhliain seo chugainn mar go bhfuil Francie ag maíomh cheana féin go bhfuil dráma níos fearr ina cheann aige faoi láthair. Is iontach an rud é bua na samhlaíochta agus níl amhras ar bith ná go bhfuil sin go smior in Francie agus caithfear tréan uchtaigh a thabhairt dó coinneáil leis an scríobhnóireacht. Nach aisteach an rud é go raibh eolas ag muintir

an taobh thoir uilig ar thraidisiúin ‘Fear An Gheaftha’ agus gur a mhalairt atá fíor ag muintir an taobh thiar. An amhlaidh gurbh eagla a bhí ar mhuintir an taobh thiar tabhairt isteach go gcaithfeadh siad seal a chaitheamh ar gheaftha na Reilige ar an taobh thoir! San t-seanam bhí eagla orthu dul 'na taobh thoir i lár an lae, cad é mar bheadh sé sa dorchadas? – ina shuí leat féin ag an gheaftha!! Níl fhios agam cad é mar bheas rudaí fán uachtar?! Má gheobhann Céim Aniar an maoiniú tá súil acu Francie a fhostú fá choinne drámaíocht a dhéanamh le páistí bunscoile agus le déagóirí chomh maith le daoine fásta. Tá muid dóchasach go n-éireoidh linn an maoiniú sin a fháil mar go bhfuil drámaíocht i nGaeilge iontach tábhachtach ins an fheachtas atá ar siúl le Gaeilge a chur chun cinn san cheantar.



GLÉASANA CAPAIL 'SA CHAIRT




1. SRÉINEAN
2. BONN
- GEADÁN
3. BRÁIGHDE
4. AMAÍ
5. SRATHAIR
6. BRIOGAIS
7. DROMACH
8. CROMÓG NA BRIOGAIS
9. GIORTA
10. BÉALBHACH
11. BALLÓGA

CD úr Bhríde

Chuir Bríd Ní Mhaoileoin a céad dlúdhiosca - CD - ar an mhargadh le linn Oireachtas a' tSamhraidh i mí na Bealtaine seo thart i mBaile Átha Cliath. 'Sé "Ar Mhuin na Muice" ainm an CD agus tá sé a sheinnt go minic ó shoin ar Raidió na Gaeltachta, thuaidh thiar agus theas. Tá trí chinn déag d'amhráin air, ceann déag d'amhráin Ghaeilge agus dhá cheann Béarla, cheann amháin acu a chum Seán Mac Nuadhat idir fhonn agus fhocail, darbh ainm "the Fuchia". Rinne Bríd an CD a sheoladh cupla seachtain ó shoin i Ros Goill nuair a bhí coirmcheoil aici i nÓstán na Trá, an chéad uair sa bhaile dí le

traidhfil blianta, mar go bhfuil cónaí uirthi anois ins an Óstair. Beidh sí ar chamchuairt na h-Éireann ag déanamh sraith de choirmeacha ceoil an mhí seo - Mí Méan Fómhair agus tá súil againn go bhfeicfidh muid abhus í ag an am sin. Rath mór uirthi féin agus ar an CD! Luach - €18. Le fáil go h-áitiúil - An Síbín Ceoil, Tí Casey, Ostán na Trá, Siopa Joy agus Teach Tábhairne a' Ghleanna.



Seo pictiúr de Bhanna Ceoil Scoil Náisiúnta Dhuibhlinn Riabhach timpeall na bliana 1973:



Líne Cúl ó chlé:

Pól Ó Dubhaigh, Siúin Ní Shiadhail, Caitlín Ní Bhuidhe, Máire Ní Bhuidhe, Mairéad Ní Giolla Bhríde, Helena Ní Bhaoill, Roíse Ní Chuilinn, Seán Ó Buaidhe, Bríd Ní Bhuidhe, Ellen Nic Giolla Bhríde, Anna Nic Giolla Bhríde, Máire Nic Giolla Bhríde, Caitlín Nic Pháidín, Máirtín Mac Giolla Bhríde, Pól Mac Giolla Bhríde, Myrtle Ní Ghreacháin

Líne Tosaigh ó chlé:

Úna Ní Bhuidhe, Anna Ní Bhuidhe, Cristín Ní Bhuidhe, Sorcha Ní Bhuidhe, Muiris Mac Aoídh, Séamas Ó Dubhaigh, Seán Mac Giolla Bhríde, Seán Ó Buaidhe, Seán Mac Aoídh, Lughaidh Ó Buaidhe, Mairéad Ní Chuilinn, Bríd Nic Aoídh, Majella Nic Pháidín (un tosaigh), Bríd Ní Bhreaslán.




Díoplóma Sa Ghaeilge

D'éirigh leis an chloigean déag Díoplóma sa Ghaeilge a bhaint amach ar an chúrsa a bhí ar siúl sna Dúnaibh anuraidh i gcomhar le Ollscoil Mhag Aodha i nDoire. Tá seachtar acu sin san phictiúr seo a glacadh ar lá bhronadh an Teastais san

Millennium Forum i nDoire ar an 8ú lá de mhí Iúil. Ó chlé sa ghrianghraf tá Seán Ó Dochartaigh, Fiona Pasoma, Bernie Ní Giolla Bhríde, Proinsias Ó Cuilinn, Anna Ní Dhubhaigh, Donna Ní Dhubhaigh agus Gearóidín Ní Mhonacháin. As láthair ar an ócáid bhí Michéal Mac Gairbheith, Pádraigín Ní Dhomhnaill, Caitlín Áine Ní Dhochartaigh agus Stiofán Ó

Dochartaigh. Comhgháirdeachas mór leofa uilig. Tá naonúr acu ag siúl le leanúint ar aghaidh agus an Cúrsa Céime a dhéanamh. Beidh an Cúrsa páirtaimseartha seo ar siúl san L.V.I.T. i Leitir Ceanainn agus i gColáiste Mhag Aodha i nDoire. Beidh Cúrsa Díoplóma ar siúl i mbliana arís in Ionad Acmhainne Mhíobhaigh. Beidh sé ag toiseacht ag deireadh na míosa seo. Má tá suim agat san Chúrsa seo nó más maith leat tuilleadh eolais faoin Chúrsa cuir glaoch ar (074) 91 54830.



Melissa Buntain,
Rang a 6
Scoil Naomh Bríd,
Na Dúnaibh.

Dé Luain, Dé Máirt.

Bhí Dónall bocht Cam a raibh dronn ar a dhroim
Ag gabháil tríd an ngleann ins an oíche,
Nuair a chuala sé ceol bog binn na síog
Ag teacht chuige 'r leirg na gaoithé.
Dé Luain Dé Máirt, Dé Luain Dé Máirt
Dé Luain Dé Máirt.

Do ghlac Dónall Cam a raibh dronn ar a dhroim
Misneach is do chan go deas séimh caoin
Dé Luain De Máirt, Dé Luain Dé Máirt
Dé Luain Dé Máirt, is Dé Céadaoin,
Dé Luain Dé Máirt, Dé Luain Dé Máirt,
Dé Luain Dé Máirt, Dé Céadaoin.

Nuair a chuala 'n slua sí an chríoch gheal fhíorbhinn,
Nach orthu' bhí n rímead 's an t-áthas.
Do bhain siad an dronn ' bhí ar Dhónall bocht Cam
Agus d'imigh sé uatha gan mháchail.
Dé Luain De Mháirt, Dé Luain Dé Mháirt,
Dé Luain Dé Mháirt, Dé Céadaoin.



Jimí Ó Gallchóir

Fuair Jimí Ned Ruairí bás ar an 25ú de mhí Iúil i mbliana. Rugadh Jimí i nDoire a' Chasáin Bhig sa bhliain 1917, agus leoga cha rabh saol bog ar bith aige. Agus é ina thachrán beag chaill sé a

mháthair, agus traidhfil bliain ina dhiaidh sin fuair a athair bás. Cha raibh fágtha ansin ach Jimí agus deartháir amháin, Micheál, agus nuair a bhí Jimí ina dhéagóir, cailleadh an deartháir, rud a d'fhag Jimí leis féin ar a' tsaol. Thóg aintín agus uncaíl é, ba iad sin Ciotáí agus Hiúdaí Ned, ar a' Mhuirleog, agus seo an áit a raibh cónaí ar Jimí i rith a shaoil ina dhiaidh sin.

Phos Jimí Péigí Bradley – Péigí Mhuiris – as Bealach a' Mhullaigh, Doire a' Chasáin Mhóir, ins na luath-caogaidí agus thóg siad seachtar de theaghlach, triúr girseach agus ceathrar gasúr.

Bhí Jimí ina oibrí dícheallach i rith a' shaoil. D'oibir sé i Sasana agus i hAlbain i rith na mbliantach, ag an fheirmeoireacht agus ag an ghubáil, agus abhus 'sa bhaile bhí sé ag feirmeoireacht leis, agus ag obair ag tógáil títhe le conraitheoirí áitiúla. San ospidéal dó tamall roimh a bhás, casadh fear as Loch an Iúir air, fear a d'oibir leis thall ag an ghubáil ins na daicheadaí agus nach bhfaca siad a céile ó shoin. Gaeilge i gcónaí a bhí 'sa teach sin ar a' Mhuirleog agus is mór an chailliúint dúinn é fear breá Gaelach mar é a bheith ar shlí na fírinne.

Ar dheis lámh Dé go raibh a anam uasal.

Páistí Óga agus An Ghaeilge

An bhfuil suim agat do pháistí a thógáil le Gaeilge? Má tá suim agat cad é comh dáiríre agus atá tú? Tá tionscnamh úr á chur ar bun ag Roinn Na Gaeltachta ar a dtugtar Tionscnamh Teanga Pobail. Is scéim píolóta é atá teanga-bhunaithe, agus ciallaíonn sin go bhfuil an tionscnamh seo ag plé go h-uile agus go h-iomlán le cur chun cinn teanga. Chuir Céim Aniar isteach iarratas chuig an Roinn le go nglacfaí leis an cheantar seo le bheith mar pháirt den tionscnamh seo agus rinneadh agallamh leis an Roinn faoin iarratas. Tá an t-iarratas a rinne Céim Aniar dírithe ar thuismítheoirí le páistí suas go sé bliana. Beidh ó fiche go triocha teaghlach de dhíth chun tús a chur leis an tionscnamh sa cheantar seo agus tabharfar achan sórt tacaíochta do na teaghlaigh seo ina gcuid iarrachtaí Gaeilge a thabhairt dona gcuid páistí -

réamhscolaíocht, grúpaí tuismítheoirí agus leanaí agus spraoi-ghrúpaí. Beidh na h-imeachtaí seo ar fad go h-iomlán tré Ghaeilge. Beidh maoiniú á chur ar fáil do na h-imeachtaí seo fosta comh maith le duine a fhostú go lánaimseartha chun an tionscnamh a stiúradh agus a thiomáint. Iarracht a bheas ann teaghlaigh Gaelacha a chruthú i nGaeltacht nach bhfuil páistí ar bith ag fáil deontas iomlán labhairt na Gaeilge. Bheifí ag súil go dtiocfadh athrú ar an scéal seo de réir mar bheadh feabhas ag teacht ar pháistí na dteaghlaigh a bheadh páirteach sa tionscnamh. 'Sé tionscnamh trí bliana atá i gceist leis an tionscnamh seo agus táthar ag súil le scéal ón Roinn go luath chun féachaint ar éirigh le iarratas Céim Aniar nó nar éirigh. Má éiríonn leis an iarratas beidh ionadaí ó M.F.G. ag tabhairt

c u a i r t e a r

